Athrúchán ó bhéarla

Do Bhaill Pharlaimint na hEorpa

A Chara,

Tá tú tofa mar bhall de Pharlaimint na hEorpa don reachtas nua a bheas ag tosnú i 2009.

Is tábhachtach an dualgas í seo a chuirfidh tú ort féin mar ní hamháin go seasann tú dod' cheantar polaitíochta féin ach anuas air sin seasann tú do phobal uile Aontas na hEorpa. Raghaidh do ghníomhartha agus do roghanna i bhfeidhm ar an bpobal laistigh agus lasmuigh d'Aontas na hEorpa.

Is mó duine atá ag obair le Caritas ar bhonn deonach agus ar bhonn proifisiúnta chun an ruaig a chur ar an mbochtanas agus chun forbairt bhunúsach an duine agus an ceartas a chur chun cinn.

Tá an-chur amach go deo againn ar cad is sochaí cuimsitheach agus sochaí comhtháite ann; ina measc seo tá nithe ar nós imirce, tearmann, lánpháirtiú sóisialach, gáinneáil ar dhaoine agus comhoibriú idirnáisiúnta.

Toisc gur ball nua-thofa thú de Pharlaimint na hEorpa iarraimid ort tacaíocht a thabhairt dúinn féin agus don phobal ar a mbímid ag freastal orthu trénár bhfealsúnacht a chur ar chlár oibre na ndaoine a mbaineann sí leo.

Tá saineolaithe Caritas ón Eoraip uile ag tnúth leis an deis ár

n-eolas agus ár dtaithí a roinnt ort tré phlé dearfach a dhéanamh leat ar ceisteanna a bhfuil suim agat iontu.

Go n-éirí an t-ádh leat amach anseo.

An Bhruiséil, Meitheamh 2009

Erny Gillen
Uachtarán, Caritas Europa

Ár n-aisling ghinearálta le haghaidh na hEorpa agus le haghaidh Aontas na hEorpa

'Sí aisling Caritas le haghaidh na hEorpa ná:

- Go mbeadh meas i gcoitinne ar dhínit an duine, ar chearta sibhialta agus ar dhlúthpháitíocht idir pobail agus idir náisiúin
- Go gcuirfí deireadh le bochtanas agus le heisiamh sóisialta
- Go mbeadh caidreamh sibhialta agus daonlathas rannpháirteach faoi bhláth
- Go ndéanfaí gníomhaíocht chríochnúil chun forbairt lárnach an duine a chur chun cinn ar fud na cruinne

Ár dteachtaireachtaí chuig Parlaimint na hEorpa maidir le cuimsiú sóisialta agus maidir le comhtháthú sóisialta.

1. Maidir le **Bliain Eorpach 2010 chun an bochtanas and an t-eisiamh sóisialta a chomhrac** molaimid do Pharlaimint na hEorpa tapú ar an ndeis seo chun dul i ngleic le sean-chineálacha agus le nua-chineálacha den mbochtanas agus den eisiamh san Eoraip agus lena chinntiú go mbeadh stráitéisí éifeachta ann chun delieáil leo.

2. Iarraimid ar Pharlaimint na hEorpa a chur ina luí ar bhaillstáit rannpháirteacha an tábhacht a bhaineann le **córais chosanta sóisialta a threisiú agus a n-éifeacht** a fheabhsú chun an bochtanas a sheachaint ina dtíortha féin.

3. Iarraimid ar Pharlaimint na hEorpa, go háirithe anois agus sinn in am an ghátair, an **straitéis iar-Lisbonach athbhreithnithe** a chothromú go soiléir le **haisling shóisialta leasaithe**. Is san aisling seo a chuirfear áit ar fail do na boicht, do na truáin, dóibh siúd atá eisiata ón sochaí agus dóibh siúd is faide ón margadh fostaíochta. **Ár dteachtaireachtaí chuig Parlaimint na hEorpa maidir le himirce, tearmann, comhtháthú agus gáineáil ar dhaoine**

1. Cuirimidne i gcuimhne do Pharlaimint na hEorpa gur féidir léi dul i bhfeidhm go dearfach **ar pholasaí imirce lucht oibre**. Is gá creat dleathach a bheith ann don imirce chiorcalach **a thabharfaidh cosaint do chearta na spailpíní fánacha**. Tá gá leis do bhearta **a chuirfidh soghluaiseacht chun cinn** tré rochtain ar eolas agus tré thacú leis an athimeascadh. Ba cheart go gcuirfí **tacaíocht imeasctha** ar fáil chomh maith dóibh siúd uile a thagann go dtí an AE, fiú má thagann said ar bhonn sealadach.

2. Tathanaímid ar Pharlaimint na hEorpa **an ceart le haghaidh cosaint idirnáisiúnta** a chaomhnú tré chaighdeáin níos airde a chur chun cinn sa Chomhchóras Tearmainn Eorpach, go háirithe trén Treoir le haghaidh Lucht Iarrtha Tearmainn agus trén Treoir le haghaidh Cáilíochtaí Teifigh a leasú.

3. Molaimid do Pharlaimint na hEorpa dul i bhfeidhm ar an imirce, ar an tearmann, ar fhrith-gháinneáil agus ar chomhtháthú faid is a bheidh **próiseas glacachta Clár Stockholm** idir lámha. Molaimid don Pharlaimint leis féachaint níos faide ná tréimhse a údaráis féin ar a bhfuil riachtanach le haghaidh forbairtí eile sna réimsí seo.

Ár dteachtaireachtaí chuig Parlaimint na hEorpa maidir le comhoibriú idirnáisiúnta:

1. Iarraimid ar Pharlaimint na hEorpa na prionsabail chomónta mar atá siad sainmhínithe ag An Comhaontú Eorpach ar Chabhair Dhaonnúil a chur i bhfeidhm ar bhealach gníomhach sna limistéir oibre ghaolmhara; go háirithe ins **na Dhaonnúla lárnacha bunúsacha** a bhaineann le Daonnacht, Neodracht, Neamhchlaontacht agus Neamhspleáchas.

2. Téann athrú aeráide go mór i bhfeidhm ar dhaoine agus ar phobail i dtíortha bochta agus cuireann sé go mór le géarchéimeanna daonnúla. Iarraimidne ar Pharlaimint na hEorpa **ceartas aeráide** a chur chun cinn agus ceannasaíocht a léiriú in idirbheartaíochtaí maidir le polasaí idirnáisiúnta i leith athrú aeráide agus iarraimid uirthi leis focasú **ar chláracha oiriúnaithe** d'fhonn baol tubaistí a mhaolú.

3. Ní foláir do dhlúthphairtíocht na cruinne leas gach éinne a dhéanamh. Táimid ag tathaint ar Pharlaimint na hEorpa a cumhachtaí buiséid a úsáid chun a dheimhniú go gcloíonn an tAE lena gheallúint maidir le leibhéil chabhrach idirináisiúnta agus ag an am gcéanna a bheith ag cur le **héifeacht na cabhrach** seo chun dul i bhfeidhm níos mó ar an mbochtanas agus chun na baillstáit a spreagadh déanamh mar an gcéanna.

4. Éilimid ar Pharlaimint na hEorpa géilleadh go seasamhach leis gconradh AE maidir le **comhthathú polasaí** maidir le forbairt, go háirithe ó thaobh chothromaíocht na trádála agus na himirce atá bunaithe ar chearta daonna.